- ▶ Ceardlann náisiúnta a óstáil do **31 Comhordaitheoir Sonraí** chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach treoirilínte nuashonraithe a chinntiú.
- ▶ Tuairisceáin TF a fhíorú le **6 chuairt ar údarás áitiúla** agus seiceálacha mionsonraithe ar 7 bpríomhtháscaire.

## Seirbhís do Chustaiméirí agus Cumarsáid

- ▶ An **7ú Seimineár ar Dhea-Chleachtas sa Rialtas Áitiúil** agus **Ceardlann Seirbhíse do Chustaiméirí** tiomnaithe a chur ar fáil, ar fhreastail ionadaithe ó na 31 údarás áitiúil go léir uirthi, chomh maith le geallsealbhóirí tábhachtacha amhail eagraíochtaí ionadaíochta comhaltaí tofa agus oifigigh na ranna.
- ▶ Oibriú leis an GBRÁ ar **Shuirbhé Sástachta Custaiméirí 2025**, a raibh téama speisialta ar bhrandáil san áireamh ann, chomh maith le hullmhúcháin don suirbhé 2026.

## Maoirseacht Airgeadais

- ▶ **Tuarascáil Dearbhaithe Cáilíochta an Chóid um Chaiteachais Phoiblí** a fhoilsiú, lena n-áirítear bearta trédhearcachta feabhsaithe a baineadh **comhlíonadh 100%** amach ina leith: chuir na **31 údarás áitiúil go léir tuarascálacha Dearbhaithe Cáilíochta isteach**; chuir 28 údarás áitiúil tuarascálacha Dearbhaithe Cáilíochta isteach in am agus chuir siad faisnéis achomair mhionsonraithe leis ar sholáthairtí os cionn **€10 milliún**.
- ▶ Ceardlann bhliantúil a óstáil do **Chathaoirligh Choistí Iniúchóireachta Údarás Áitiúil** inar tháinig ionadaithe ó **20 Coiste Iniúchóireachta Údarás Áitiúil** le chéile, ceardlann inar clúdaíodh raon leathan saincheistanna amhail an Tascfhórsa Daonlathais Áitiúil, tuarascálacha Luach ar Airgead ón tSeirbhís Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil agus tuilleadh rannpháirtíochta leis an CNMI.

- ▶ Bualadh le dhá **Choiste Iniúchóireachta Údarás Áitiúil**, chomh maith leis an **tSeirbhís Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil**.

## Rannpháirtíocht le Geallsealbhóirí

- ▶ Comhoibriú le comhlachtaí eanála poiblí a leathnú, lena n-áirítear an GCC, ORP agus an RLCMLÓ, chun táscairí feidhmíochta a bheachtú agus próisis tuairiscithe a shruthlíniú.
- ▶ Gabháil le MyPay maidir le cur i bhfeidhm seirbhísí comhroinnte párolla agus pinsin.
- ▶ Bualadh leis an SIRÁ chun tuarascálacha luach ar airgead a athbhreithniú.
- ▶ Gabháil le dhá Choiste Iniúchóireachta Údarás Áitiúil chun an dea-chleachtas a neartú.
- ▶ Bualadh leis an GBRÁ maidir le Seimineár Dea-Chleachtas sa Rialtas Áitiúil de chuid an CNMI a óstáil agus maoirseacht a dhéanamh ar an Suirbhé Náisiúnta um Sheirbhís do Chustaiméirí san earnáil rialtais áitiúil.
- ▶ Gabháil le ORP chun an dara tráinse a fhorbairt ina ndéantar athbhreithniú ar thuarascálacha monatóireachta straitéisí spásúla agus eacnamaíocha réigiúnacha na dtionól réigiúnach in Éirinn.
- ▶ Bualadh le hionadaithe ón GBRÁ atá freagrach as Straitéis Dhigiteach agus TFC an Rialtais Áitiúil 2030.

# Príomh-Mhéadrachtaí Feidhmíochta do 2025



**Tuarascálacha Foilsithe:**

**9**



**Táscairí Feidhmíochta Athbhreithnithe:**  
trasna **11** réimse feidhme

**46**

**Pleananna Corparáideacha Athbhreithnithe:**

**31**

údaráis áitiúla agus trí thionól réigiúnacha



**Rannpháirtíocht an Choiste Iniúcháireachta**

Ceardlann náisiúnta amháin agus dhá chruinniú áitiúla



**Ag Cur Béim ar Imeachtaí Dea-Chleachtas:**


**Seimineár amháin agus dhá cheardlann náisiúnta**

(Dea-Chleachtas, Táscaire Feidhmíochta agus Seirbhís do Chustaiméirí)


**Cruinnithe Iniúchta a Reáchtáladh**

(Uíbh Fhailí, Cathair Chorcaí, Ciarraí, An Iarmhí, Lú)

**5**




Tuarascáil Chomhairle Contae Uíbh Fhailí




Tuarascáil Chomhairle Cathrach Chorcaí



Tuarascáil Chomhairle Contae Chiarraí



Tuarascáil Chomhairle Contae na hIarmhí



Tuarascáil Chomhairle Contae Lú

# Comhaltas CNMI

Ag deireadh 2025, bhí naonúr comhaltaí ar Bhord an CNMI.

Amhail an 31 Nollaig 2025, bhí cúigear comhaltaí baineanna (45 %) agus seisear comhaltaí fireanna (55 %) ar an mbord. Dá réir sin, comhlíonann an Bord sprioc an Rialtais maidir le hionadaíocht inscne 40% i measc chomhaltas na mBord Stáit.

Maidir le cothromaíocht inscne agus éagsúlacht an CNMI, is cuid dhílis den phróiseas í ionadaíocht inscne agus comhaltaí boird á gceapadh.

Is iad seo a leanas na comhaltaí agus sonraí a dtéarmaí:

Comhaltaí agus sonraí a dtéarmaí					
Ról	Comhalta	Ceaptha	Deireadh an Téarma Reatha	Tinreamh ar chruinnithe boird	Táillí na gComhaltaí Boird
Cathaoirleach	Michael Mc Carthy	24/09/2018	23/09/2028*	8/8	€11,970
Comhaltaí	Fiona Quinn	17/05/2022	16/05/2027	5/8	N/B**
	Brian Cawley	04/09/2020	03/09/2026*	7/8	€7,695
	Margaret Lane	04/09/2020	03/09/2026*	5/8	€7,695
	Declan Breathnach	28/04/2024	27/04/2027*	5/8	€7,695
	Noel Harrington	28/04/2021	27/04/2027*	7/8	€7,695
	Ciarán Hayes	01/07/2021	30/06/2027*	8/8	€7,695
	Kathleen Holohan	27/04/2023	26/04/2026	7/8	€7,695
	Miriam Mc Donald	04/09/2023	03/09/2026	7/8	€7,695
	Anne Haugh	07/11/2024	06/11/2026	8/8	€7,695
	John Byrne	07/11/2024	06/11/2026	6/8	€7,695

\*léiríonn sé sin gur ceapadh an comhalta sin don dara téarma.

\*\*Ní fhaigheann Oifigeach an Aire aon táille

## Ráiteas Comhlíontachta

Ghlac an Bord an Cód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Bhí an CNMI i gcomhréir leis an gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú le haghaidh 2025.

# Beathaisnéisí na gComhaltaí

amhail an 31 Nollaig 2024



## Michael McCarthy, Cathaoirleach

Dátaí Téarma: 24 Meán Fómhair 2023 – 23 Meán Fómhair 2028 (an dara téarma).

Ceapadh Michael mar Chathaoirleach ar an gCoimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta i mí Mheán Fómhair 2018 agus athcheapadh é sa ról sin i Meán Fómhair 2023. Is Stiúrthóir ar Cloud Infrastructure Ireland é Michael agus tá sé ina bhall de ghrúpa fochoiste Chumann Tithíochta Sophia. Bhí Michael ina chomhalta tofa de Chomhairle Contae Chorcaí idir 1999 agus 2003, de Sheanad Éireann idir 2002–2011 agus de Dháil Éireann do dháilcheantar Chorcaí Thiar Theas idir 2011 agus 2016. Chomh maith leis sin, is iarchomhalta de Choiste um Chuntais Phoiblí na Dála é.



## Brian Cawley

Dátaí Téarma: 4 Meán Fómhair 2023 – 3 Meán Fómhair 2026 (an dara téarma).

Bhí Brian ina Ard-Stiúrthóir ar an bhForas Riaracháin (FR) agus faoi láthair oibríonn sé mar chomhairleoir neamhspleách in athchóiriú na hearnála poiblí agus i gceannaireacht agus i mbainistíocht athruithe, ag obair le raon leathan cliant in Éirinn, sa CE agus go hidirnáisiúnta. Tá taithí fhairsing aige ag obair le rialtas láir agus áitiúil in Éirinn. Is céimí de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Ollscoil Leicester é Brian agus tá MSc aige in Oiliúint agus Forbairt agus Dochtúireacht sna hEolaíochtaí Sóisialta.



## Margaret Lane

Dátaí Téarma: 4 Meán Fómhair 2023 – 3 Meán Fómhair 2026 (an dara téarma).

Is oiliúnóir feidhmiúcháin í Margaret agus tá taithí fhairsing aici ar airgeadas agus AD ar fud na n-earnálacha tráchtála, leathstáit agus poiblí. Tá post aici mar Stiúrthóir Straitéiseach AD, Ervia (Máthairchuideachta do Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann). I measc na bpost a bhí aici roimhe seo tá Róil Feidhmiúcháin AD, Bord Gáis Group agus Comhairle Cathrach Chorcaí. I measc a post eile, tá sí ina comhalta de Choiste Iniúchta an NSSO agus tá taithí luachmhar aici mar go bhfuil sí ina cathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta in Oifig an Ombudsman faoi láthair.



## Declan Breathnach

Dátaí Téarma: 28 Aibreán 2021 – 27 Aibreán 2027 (an dara téarma).

Bhí Declan ina chomhalta den Choiste Buiséid agus Maoirseachta Parlaiminte, ina Leas-Chathaoirleach ar Choiste Forfheidhmithe Chomhaontú Aoine an Chéasta agus ina Leas-Chathaoirleach ar Chomhlachas Parlaiminteach na Breataine-na hÉireann. Bhí sé ina chomhalta de Chomhairle Contae Lú ó 1991 go 2016 agus ag fónamh mar Theachta Dála do Lú ó 2016 go 2020. Is iarmhúinteoir bunscoile agus iar-phríomhoide é Declan, agus tá os cionn 40 bliain de sheirbhís phoiblí aige.



## Noel Harrington

Dátaí Téarma: Aibreán 2021 – 27 Aibreán 2027 (an dara téarma).


Tá Noel ina Bhainisteoir Oifige agus ina Mháistir Poist ag An Post, Baile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí faoi láthair. Bhí sé ina chomhalta tofa de Chomhairle Contae Chorcaí ó 1999 go dtí 2011 agus ina chomhalta tofa de Dháil Éireann ag fónamh ó 2011 go 2016. I measc a ról roimhe seo bhí; Comhalta de Choiste an Oireachtais um Fhormhaoirsiú Phoiblí agus Achainíocha, Cathaoirleach Chomhairle Contae Chorcaí, Cathaoirleach Údarás Réigiúnach an Iar-Dheiscirt, Cathaoirleach Grúpa Beartais Chorparáidigh Chontae Chorcaí agus Comhalta de Bhord Fiontraíochta Áitiúil Iarthar agus Thuaisceart Chorcaí.



## Ciarán Hayes

Dátaí Téarma: 1 Iúil 2021 – 30 Meitheamh 2027 (an dara téarma).

Is é Ciarán bunaitheoir agus Ceann Feadhna Ciarán Hayes Consultancy Ltd., is Comhalta Boird d'Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (ÚFIÉ) é, agus is Comhalta Boird Chomhairligh de chuideachta nuathionscanta teicneolaíochta leighis, Omniscope, é. Tá Céim BA i mBainistíocht Phoiblí agus Ard-Diplóma i Staidéar Ríomhaireachta aige agus chríochnaigh sé Comhaltacht Shinsearach in Ollscoil Harvard i mí na Nollag 2022, áit a rinne sé taighde ar fhorbairt inbhuanaithe, ar gheilleagar ciorclach agus ar ghníomhaíocht ar son na haeráide. Tá 20 bliain de thaithí bainistíochta sinsearaí aige i Rialtas Áitiúil agus é ina Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Contae Shligigh don tréimhse 2014–2021. Mar Phríomhfheidhmeannach agus thar ceann na hearnála, threoraigh sé freagairt an Rialtais Áitiúil ar an athrú aeráide agus ar bhunú na nOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide (ORGAnna) in 2018.



## Fiona Quinn

Dátaí Téarma: 17 Bealtaine 2022 – 16 Bealtaine 2027.

---

Is Oifigeach an Aire agus Rúnaí Cúnta sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta í Fiona. Tá Fiona freagrach as an Rannán Rialtais Áitiúil a dhéanann maoirseacht ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm an chláir oibre um éifeachtacht agus nuachóiriú don earnáil rialtais áitiúil.



## Kathleen Holohan

Dátaí Téarma: 27 Aibreán 2023 – 26 Aibreán 2026.

---

Roimhe seo bhí Kathleen ag obair mar Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Cheatharlach (chuaigh sí ar scor i mí Dheireadh Fómhair 2022), i ndiaidh 45 bliain a chaitheamh ag obair sa rialtas áitiúil, agus tá breis is 20 bliain de thaithí aici ar leibhéal bainistíochta sinsearaí lena n-áirítear ocht mbliana ag obair mar Leas-Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Tá BA sa Bhainistíocht bronnta uirthi mar aon le MSc sa Chleachtas Bainistíochta; is comhalta í de Choiste Iniúchóireachta agus Riosca Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt agus is Cathaoirleach í de VISUAL agus Amharclann George Bernard Shaw.



## Miriam McDonald

Dátaí Téarma: 4 Meán Fómhair 2023 – 3 Meán Fómhair 2026.

---

Is Stiúrthóir Margaíochta/Saineolaí Bairr Feabhais Custaiméirí í Miriam atá gairmiúil agus an-chumasach agus a bhfuil taithí aici. Is Comhalta den Institiúid Margaíochta í agus roimhe sin bhí sí ag obair mar Cheann Bainistíochta Custaiméirí, BSL, Príomh-Fheidhmeannach na hInstitiúide Margaíochta agus Ceannasaí Cumarsáide an Chomhlachta Chomhairligh Uisce. Tá Céim Máistir bronnta uirthi chomh maith le Céimeacht na hInstitiúide Margaíochta agus tá sí ina comhalta de Bhord Dyspraxia/DCD Ireland.



## John Byrne

Dátaí Téarma: 7 Samhain 2024 – 6 Samhain 2026.

---

Chuaigh John Byrne ar scor mar Phríomh-Fheidhmeannach ar Chluichí Pobail ar an 30 Meán Fómhair 2019 tar éis gairm fhada in eagraíochtaí spóirt na hÉireann. Roimh a ról PF i gCluichí Pobail bhí sé ina Stiúrthóir ar Thionscadail Speisialta le Cumann Peile na hÉireann ar feadh breis agus deich mbliana. Lean John dá rannpháirtíocht i bPeil na hÉireann ar bhonn deonach agus faoi láthair tá sé ina Chathaoirleach ar Chumann Peile Chonnacht, ina chomhalta de Choiste Idirnáisiúnta agus Ardfheidhmíochta CPÉ agus ina Thoscaire Cluiche de Shraith na hÉireann. I mí Iúil 2022, bronnadh Comhaltas Oinigh Saoil de Chumann Peile na hÉireann air.

Bhí John ar Bhoird Chomhairle Spóirt na hÉireann agus an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta roimhe sin. Bhí sé ina chomhalta freisin de Choistí Iompair Ghairmiúil Chumann Cógaiseoirí na hÉireann agus de CÓRÚ.



## Anne Haugh

Dátaí Téarma: 7 Samhain 2024 – 6 Samhain 2026.

---

Chuaigh Anne ar scor le déanaí ó ghairm ceithre bliana is tríocha sa rialtas áitiúil; chaith sí níos mó ná leath den am sin ina Stiúrthóir Seirbhíse agus taithí aici i dtrí údarás áitiúla, an Clár, Luimneach agus Ciarraí, agus chaith sí tréimhse ar iasacht ag gníomhaireacht Stáit. Tá Baitsiléir Tráchtála aici ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus tá MA i mBainistíocht Rialtais Áitiúil agus Teastas Gairmiúil i Rialachas curtha i gcrích aici freisin. Is as an gClár ó dhúchas di agus bhí príomhróil straitéiseacha aici i gComhairle Contae an Chláir go dtí go ndeachaigh sí ar scor, lena n-áirítear téarma sé bliana mar Stiúrthóir Forbartha Sóisialta a raibh príomhfhreagracht uirthi as tithíocht. Bhí roinnt príomhróil rialachais agus iniúchóireachta ag Anne freisin ní ba luaithe ina gairm.

# Meithleacha CNMI

Úsáideann CNMI Meithleacha chun formhór na hoibre a dhéanamh trí thionscadail éagsúla a chur chun cinn.

Meithleacha CNMI		
Teideal	Cód	Comhaltas
An Mheitheal um Próiseas Grinnscrúdaithe	CATHAOIRLEACH	Michael McCarthy
An Mheitheal um Rialachas, Éifeachtúlacht agus Athchóiriú Rialtais Áitiúil	Meitheal 1: RÉARÁ	Brian Cawley <i>Cathaoirleach</i>
		Declan Breathnach
		Ciarán Hayes
		Anne Haugh
An Mheitheal um Tháscairí Feidhmíochta	Meitheal 2: TF	Ciarán Hayes <i>Cathaoirleach</i>
		Brian Cawley
		Noel Harrington
		Anne Haugh
An Mheitheal um Chumarsáid agus Seirbhíse do Chustaiméirí	Meitheal 3: CSC	Miriam Mc Donald <i>Cathaoirleach</i>
		Declan Breathnach
		Margaret Lane
		Kathleen Holohan
		John Byrne
An Mheitheal um Bainistíocht Airgeadais agus Feidhmíochta	Meitheal 4: BFA	Margaret Lane <i>Cathaoirleach</i>
		Fiona Quinn
		Kathleen Holohan
		John Byrne

## Acht na dTeangacha Oifigiúla

De réir Alt 4B (a) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 arna leasú ag Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 (“Acht na dTeangacha Oifigiúla”) cuireadh tuarascáil ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le comhlíonadh Acht na dTeangacha Oifigiúla faoi bhráid Chathaoirleach CNMI. Mar achoimre agus de réir Alt 4B (b) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla, tagraíodh leis an tuarascáil do chur chun feidhme na n-oibleagáidí, na ndualgas agus an dul chun cinn i dtreo lánchomhlíonadh na reachtaíochta ábhartha.

# Próiseas Grinnscrúdaithe an CNMI

Athbhreithniú ar fheidhmíocht na n-údarás áitiúil aonair

## Athbhreithnithe Straitéiseacha ar Fheidhmíocht

Is feidhm lárnach de chuid an CNMI é an **Próiseas Grinnscrúdaithe**, atá deartha chun feidhmíocht údarás áitiúil a athbhreithniú agus a mheas trí rannpháirtíocht struchtúrtha agus anailís mhionsonraithe. Thosaigh an próiseas sin i mí Feabhra 2017 agus críochnaíodh é i mí Mheán Fómhair 2024 le foilsiú na tuarascála deireanaí dá 32 tuarascáil. Chuir sé seo deireadh leis an gcéad timthriall den phróiseas seo agus gach údarás áitiúil á athbhreithniú agus na torthaí sin á bhfoilsiú.

Bhí roinnt céimeanna i gceist sa chéad timthriall, lena n-áirítear cruinniú duine le duine idir an Príomhfheidhmeannach agus roinnt comhaltaí d'Fhoireann bainistíochta an údarás áitiúil, agus Cathaoirleach an CNMI agus an Rúnáiocht. Ina dhiaidh sin reáchtáladh cruinniú idir an Príomhfheidhmeannach agus cuid de chomhaltaí d'Fhoireann bainistíochta an údarás áitiúil (nó iad go léir), agus bord iomlán an CNMI, agus foilsíodh Tuarascáil Ghrinnscrúdaithe ar shuíomh gréasáin an CNMI.



*Bhuail bord an CNMI le Comhairle Contae Uíbh Fhailí chun a fheidhmíocht a phlé mar chuid den chéad rannpháirtíocht dá Phróiseas Grinnscrúdaithe nua.*

*Ó chlé go deas: Ciarán Hayes, Anne Haugh, John Byrne, Kathleen Holohan agus Miriam McDonald (an CNMI), Anna Marie Delaney (Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Uíbh Fhailí), Ann Dillon, Fiona Millane (Stiúrthóir Seirbhísí, Comhairle Contae Uíbh Fhailí) agus Declan Breathnach (an CNMI).*

## Athbhreithniú ar an bPróiseas Grinnscrúdaithe


Tar éis chríochnú an chéad bhabhta cruinnithe le húdarás áitiúla ar an 18 Meán Fómhair 2024, chinn bord an CNMI athbhreithniú a dhéanamh agus Próiseas Grinnscrúdaithe nuashonraithe a thosú, próiseas a bhfuil formáid níos struchtúrtha air cosúil le Comhchoistí an Oireachtais.

Chruthaigh bord an CNMI nuashonruithe freisin, lena n-áirítear taifeadadh na gcruinnithe uile sa Phróiseas Grinnscrúdaithe, a uaslódáiltear ina dhiaidh sin chuig suíomh gréasáin an CNMI, mar aon le tuarascáil agus tras-scríbhinn de na cruinnithe.

## Príomhghnéithe den Phróiseas Grinnscrúdaithe nua

- ▶ **Anailís de réir Sonraí:** Déantar measúnú ar fheidhmíocht ag baint úsáid as treochtaí stairiúla, as tagarmharcana náisiúnta agus as sonraí forlíontacha ó thuarascálacha an CNMI, ó thuarascálacha an SIRÁ agus ó fhoinsí atá ar fáil go poiblí.
- ▶ **Rannpháirtíocht Struchtúrtha:** Reachtáiltear cruinnithe faoi phrótacal foirmiúil a tugadh isteach in 2025, rud a chinntíonn comhsheasmhacht i bhformáid agus i gcur chuige.
- ▶ **Trédhearcacht agus Inrochtaineacht:** Déantar cruinnithe a thaifeadadh, agus foilsítear tras-scríbhinní, taifeadtaí agus tuarascálacha próifile ar shuíomh gréasáin an CNMI.

**Cruinnithe Phróiseas Grinnscrúdaithe an CNMI a reachtáladh i dTeach an Chustaim**



## Feabhsuithe a Tugadh Isteach in 2025

- ▶ Forbairt **comhaontaithe prótacail** maidir le riaradh agus formáid cruinnithe.
- ▶ Foilsiú ábhar cruinnithe ar líne chun infheictheacht agus cuntasacht a fheabhsú.
- ▶ Ailíniú ceisteanna le cuspóirí na Meithle chun ábharthacht a chinntiú.

## Gnóthachtálacha in 2025

Tá sé mar aidhm ag na feabhsuithe sin ar an bpróiseas **tionchar a mhéadú, cuntasacht a fheabhsú agus bailiú cuimsitheach sonraí a chinntiú**, rud a neartaíonn ról an CNMI i spreagadh dea-chleachtais ar fud earnáil an rialtais áitiúil.

Mar a leagtar amach sa tábla thíos, bhuaill an CNMI le cúig údarás áitiúla éagsúla, faoin bpróiseas grinnscrúdaithe nua in 2025, ag tosú le Comhairle Contae Uíbh Fhailí ar an 11 Márta 2025, agus ag críochnú le Comhairle Contae Lú ar an 30 Deireadh Fómhair. Leanfar ar aghaidh leis an bPróiseas Grinnscrúdaithe amach anseo, agus beidh ar gach údarás áitiúil bualadh leis an CNMI sna blianta amach romhainn.

# Meitheal 1:

## An Mheitheal um Rialachas, Éifeachtúlacht agus Athchóiriú Rialtais Áitiúil

### Comhaltaí na Meithle



Brian Cawley  
(Cathaoirleach)



Declan Breathnach



Ciarán Hayes



Anne Haugh

### Ról na Meithle um Rialachas, Éifeachtúlacht agus Athchóiriú Rialtais Áitiúil

Tá ról lárnach ag an Meitheal um Rialachas, Éifeachtúlacht agus Athchóiriú Rialtais Áitiúil i dtaca le tacú leis an CNMI agus é i mbun a fheidhmeanna reachtúla faoi Alt 126C(1)(d), (e), (f) agus (g) den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014. Áirítear ar na feidhmeanna sin:

- ▶ **Monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh comhaontuithe seirbhíse arna ndéanamh ag comhlacht rialtais áitiúil amháin nó níos mó.**
- ▶ **Maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm beartas náisiúnta a bhaineann le rialtas áitiúil ag comhlachtaí rialtais áitiúil.**
- ▶ **Monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm athchóirithe na seirbhíse poiblí laistigh de chomhlachtaí rialtais áitiúil.**
- ▶ **Measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht na bpleananna corparáideacha arna n-ullmhú ag Tionóil Réigiúnacha agus údaráis áitiúla.**

Trí na gníomhaíochtaí sin, cinntíonn an Meitheal go gcoimeádtar caighdeáin rialachais, go gcuirtear éifeachtúlacht chun cinn, agus go gcuirtear cuspóirí athchóirithe i bhfeidhm go héifeachtach ar fud earnáil an rialtais áitiúil.

### Cruinnithe

Tháinig Meitheal 1 le chéile sé huair le linn 2025.

#### DÁTAÍ:

6 Feabhra 2025

3 Aibreán 2025


5 Meitheamh 2025

9 Iúil 2025

18 Meán Fómhair 2025

11 Nollaig 2025

Comhaltaí Mheitheal 1	Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu
Brian Cawley (Cathaoirleach)	6
Ciarán Hayes	6
Declan Breathnach	4
Anne Haugh	4



Cliceáil anseo chun féachaint ar an tuarascáil

## Príomhghníomhaíochtaí in 2025

### Athbhreithniú ar Phleananna Corparáideacha 2025–2029 ag an gCoimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (CNMI)

D'fhoilsigh an CNMI a athbhreithniú ar na Pleananna Corparáideacha arna n-ullmhú ag údaráis áitiúla agus tionóil réigiúnacha don tréimhse 2025–2029. Is gné lárnach de shainchúram reachtúil an CNMI é an t-athbhreithniú sin agus soláthraítear leis tagarmharc tábhachtach do phleanáil chorparáideach laistigh den earnáil rialtais áitiúil.


Is cuid rithábhachtach de chreat gnó na n-údarás áitiúil é an Plean Corparáideach, agus is nasc straitéiseach idir beartas, struchtúr eagraíochtúil, gníomhaíocht oibríochtúil, rialachas agus bainistíocht feidhmíochta é. Aithníonn an CNMI go n-oibríonn an rialtas áitiúil i dtimpeallacht atá ag éirí níos casta, agus é ag glacadh freagrachtaí nua i réimsí amhail an ghníomhaíocht ar son na haeráide agus soláthar seirbhísí digiteacha.

Is é cuspóir na tuarascála seo measúnú a dhéanamh ar cháilíocht agus ar chomhlíonadh na bPleananna Corparáideacha i gcoinne na dtreoirilínte a d'eisigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO), chomh maith le moltaí an CNMI roimhe seo. Tá sé mar aidhm ag na torthaí tacú le forbairt leanúnach an dea-chleachtais i bpleanáil chorparáideach ar fud na hearnála.

Leis an athbhreithniú seo, tugtar deis d'údaráis áitiúla agus do thionóil réigiúnacha machnamh a dhéanamh ar a bpróisis pleanála corparáidí agus feabhsuithe a chur i bhfeidhm nuair is gá. Saináithnítear **25 moladh** sa tuarascáil atá grúpáilte faoi sheacht réimse théamacha:

- ▶ Rialachas, Maoirseacht agus Bainistíocht Shinsearach
- ▶ Comhairliúchán agus Rannpháirtíocht le Geallsealbhóirí
- ▶ Cearta Daonna, Comhionannas agus Cuimsiú Sóisialta
- ▶ Comhtháthú Beartais agus Ailíniú Straitéiseach
- ▶ Bainistíocht Riosca, Athléimneacht agus Pleanáil Teagmhais
- ▶ Claoclú Digiteach, Monatóireacht Sonraí agus Feidhmíochta
- ▶ Gníomhaíocht Aeráide agus Inbhuanaitheacht

Tá an anailís bunaithe ar Phleananna Corparáideacha arna nglacadh agus arna bhfoilsiú ag údaráis áitiúla agus tionóil réigiúnacha in Éirinn don tréimhse 2025–2029, agus rinneadh an taighde i Ráithe 3 de 2025.



Clliceáil anseo chun féachaint ar an tuarascáil

### Athbhreithniú ar Thuarascálacha Monatóireachta ar Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíochta (SRSEanna)

Faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, is é ceann d'fheidhmeanna reachtúla an CNMI athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíochta (SRSEanna) bunaithe ar na tuarascálacha monatóireachta dhá bhliain a d'ullmhaigh na Tionóil Réigiúnacha. Agus an ról sin á chomhlíonadh aige, fuair an CNMI an chéad sciar de thuarascálacha monatóireachta ó gach Tionól Réigiúnach agus d'fhostaigh sé **Oifig an Rialálaí Pleanála (ORP)** chun athbhreithniú mionsonraithe a dhéanamh thar a cheann.

D'ullmhaigh an ORP tuarascáil chuimsitheach, lena n-áirítear príomhthorthaí agus moltaí, lenar cuireadh eolas ar fáil d'fhoilseachán deiridh an CNMI: **Tuarascáil Uimh. 64**, a eisíodh i **Márta 2024**.

Tar éis dóibh an dara sciar de thuarascálacha monatóireachta a fháil ó na Tionóil Réigiúnacha, chuaigh an CNMI i dteagmháil leis an ORP arís, a d'ullmhaigh tuarascáil leantach, bunaithe ar na tuarascálacha is déanaí sin. Seoladh an foilseachán: **Tuarascáil Uimh. 76**, i **Meán Fómhair 2025**.

Ba é an foilseachán is déanaí sin an chaibidil dheireanach de rannpháirtíocht an CNMI sa réimse sin. Faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2024, athraíodh an fhreagracht as na SRSEanna ón CNMI go dtí an ORP i mí Dheireadh Fómhair 2025.

### Straitéis Dhigiteach agus TFC an Rialtais Áitiúil

Ceann de na réimsí a bhfuil maoirseacht ag an CNMI orthu ná Straitéis Dhigiteach agus TFC an Rialtais Áitiúil 2030. Seoladh an Straitéis sin le linn 2024 agus an aidhm aici teicneolaíocht a úsáid chun tacú le cuspóirí gnó earnáil an rialtais áitiúil a bhaint amach.

Dírítear sa straitéis ar na ceithre théama nasctha seo a leanas:

- ▶ Seirbhísí digiteacha
- ▶ Pobail dhigiteacha
- ▶ Fórsa saothair digiteach
- ▶ Córais dhigiteacha

Le thart ar sheachtó gníomh éagsúil le déanamh sna blianta amach romhainn, déanfar dul chun cinn suntasach laistigh den earnáil rialtais áitiúil le linn na tréimhse sin.

Le linn 2025, bhuail an CNMI le hionadaithe ábhartha ón earnáil chun nuashonruithe a fháil ar stádas an chur i bhfeidhm. Leanfaidh an CNMI de bheith ag athbhreithniú an phíosa oibre sin agus ag obair le geallsealbhóirí le linn 2026 agus ina dhiaidh sin.

*Tá an CNMI rithábhachtach maidir le maoirseacht a sholáthar ar earnáil an rialtais áitiúil in Éirinn agus tá sé ag leanúint de bheith ag táirgeadh réimse leathan faisnéise don earnáil agus don phobal i rith 2025. Tá an CNMI tiomanta dá ról luachmhar a leanúint in 2026, mar chuid dá chéad Straitéis agus Clár Oibre eile don tréimhse 2026–2028.*

## Meitheal 2: An Mheitheal um Tháscairí Feidhmíochta

### Comhaltaí na Meithle



Ciarán Hayes  
Cathaoirleach



Noel  
Harrington



Brian  
Cawley



Anne  
Haugh

### Ról

Tá sé de chúram ar Mheitheal 2 feidhmíocht na **31 údarás áitiúil** go léir a mheas trí **46 Táscaire Feidhmíochta (TFanna)** a chlúdaíonn **11 réimse feidhme** d'oibríochtaí na comhairle. Tá úsáid TFanna chun feidhmíocht na hearnála a thomhas ar cheann de phríomhuirlisí maoirseachta an CNMI. A bhfuil leis na TFanna, atá faoi réir an athbhreithnithe leanúnaigh i gcomhar leis an **nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ)**, Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí reachtúla, cinntítear ailíniú le cuspóirí beartais náisiúnta.

Tá oibleagáid ar an Rialtas Áitiúil seirbhísí agus feidhmeanna a sholáthar thar ceann na Ranna Rialtais go léir ach níl feidhmíocht faoi réimsí feidhme amhail Spórt, Turasóireacht, na hEalaíona agus Daoine Scothaosta á ngabháil faoi láthair. Ina theannta sin, i measc na réimsí a bhfuil TFanna breise nó níos mionsonraithe ag teastáil uathu tá Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) – go háirithe maidir le tionchar na hintleachta saorga (IS) – an t-athrú aeráide, an tsoghluaisteacht inbhuanaithe/taisteal gníomhach, agus criosanna dícharbónaithe.

Thosaigh an Mheitheal ag plé le roinnt Gníomhaireachtaí in 2025 chun TFanna breise iomchuí a chinneadh agus tá taighde á dhéanamh faoi láthair ag an earnáil maidir le cuid de na réimsí sin. Leanfaidh an rannpháirtíocht ar aghaidh agus luasghéarófar í in 2026 agus táthar ag súil go dtabharfar TFanna breise isteach sa phróiseas de réir a chéile.

Áirítear leis an treoir bhliantúil a eisítear d'údarais áitiúla maidir le sonraí TF a chur isteach, faisnéis faoi TFanna atá ann cheana féin, faoi TFanna leasaithe agus faoi TFanna nua, agus déantar iniúchadh agus fíorú ar na TFanna sin go léir ina dhiaidh sin. Tá luach breise leis, áfach, go bhfuil **11 bliana de thuarisceáin TF** carntha ag an CNMI anois, rud a chuireann bonn fianaise láidir ar fáil chun treochtaí feidhmíochta earnála a mheas le himeacht ama.

Bunaíodh an Mheitheal i mí **Dheireadh Fómhair 2014** agus oibríonn sé faoi Alt 126C(1)(a) den *Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014*, lena bhforchuirtear grinnscrúdú ar chomhlachtaí rialtais áitiúil i gcoinne táscairí ábhartha a shainaithin an Coimisiún nó a leag an tAire amach. Síntear sainchúram na Meithle freisin, go pointe teoranta, chuig scrúdú ar **feidhmíocht airgeadais** faoi **Alt 126C(1)(b)**.

## Cruinnithe

Tháinig Meitheal 2 le chéile sé huair le linn 2025.

### DÁTAÍ:

23 Eanáir 2025

22 Aibreán 2025

4 Meitheamh 2025

30 Iúil 2025


4 Meán Fómhair 2025

5 Nollaig 2025

Comhaltái Mheitheal 2	Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu
<b>Ciarán Hayes (Cathaoirleach)</b>	<b>6</b>
<b>Brian Cawley</b>	<b>3</b>
<b>Noel Harrington</b>	<b>5</b>
<b>Anne Haugh</b>	<b>5</b>



Ó chlé go deas: Miriam McDonald, an CNMI, Richard Shakespeare, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Kathleen Holohan agus Ciarán Hayes, an CNMI, ag Cruinniú Bailíochtaíthe an CNMI don tuarascáil TF ar an 29 Bealtaine 2025.




Clliceáil anseo chun féachaint ar an tuarascáil

## Príomhghníomhaíochtaí in 2025

### Ceardlann Treoirínte maidir le Táscairí Feidhmíochta na nÚdarás Áitiúil

Eagraíonn agus óstálann an CNMI **Ceardlann bhliantúil do Chomhordaitheoirí Sonraí** ó gach údarás áitiúil chun comhairle a thabhairt maidir leis na Treoirínte, nuashonruithe a thabhairt maidir le hathruithe, aghaidh a thabhairt ar aon saincheisteanna imní a ardaíonn na Comhordaitheoirí, agus ceachtanna a foghlaimíodh ón mbliain bailithe sonraí roimhe sin a roinnt. Reáchtáladh an ceardlann don Tuarascáil 2024 ar an 25 Feabhra 2025 agus áiríodh léi cur i láthair ón Oifig um Bainistiú Bóithre (OBB) maidir leis an Táscaire Bóithre nua R4. Mar a tharla sna blianta roimhe sin, lean seisiún Ceisteanna agus Freagraí spéisiúil na cuir i láthair.



Cliceáil anseo chun féachaint ar an tuarascáil

## Tuarascáil 2024 ar Tháscairí Feidhmíochta na nÚdarás Áitiúil

Sa bhliain 2025, d'fhoilsigh an CNMI a haonú **Tuarascáil Táscaire Feidhmíochta déag**, agus é ag leanúint lena thiomantas do thrédharcacht, do chuntasacht agus d'fheabhsú feidhmíochta laistigh den earnáil rialtais áitiúil.

Is ceann de príomhfheidhmeanna reachtúla an CNMI ná **feidhmíocht údarás áitiúil a scrúdú** i gcoinne, nó i gcomparáid le, táscairí ábhartha a mheasann an Coimisiún a bheith oiriúnach. I ndáil le tuarascáil 2024, rinne an CNMI scrúdú ar **46 táscaire thar 11 réimse ar leith**, agus soláthraíodh luachanna intomhaiste lena léirítear cé chomh héifeachtach agus atá údaráis áitiúla maidir le príomhchuspóirí a bhaint amach.

Gheobhaidh tú tuilleadh sonraí faoin tuarascáil sin sa rannán Buaicphointí Tuarascálacha agus Imeachtaí 2025.



An líne chúl ó chlé go deas: Alan McDermott, Joan Comiskey, Deirdre Byrne, Claire Gavin, John Goldrick agus Valerie Longmore, Rúnaíocht an CNMI.

Líne thosaigh ó chlé go deas: Brian Cawley, Declan Breathnach, Margaret Lane, Kathleen Holohan, Noel Harrington agus Miriam McDonald (CNMI).

## Rannpháirtíocht le Cathaoirligh Coistí Iniúchóireachta

Ar an 5 Samhain 2025, d'óstáil Meitheal 4 Ceardlann do Chathaoirligh na gCoistí Iniúchóireachta; thug Cathaoirleach Mheitheal 2 cur i láthair ar **Thuarascáil Táscaire Feidhmíochta Údaráis Áitiúil an CNMI 2024** le linn na ceardlainne. Tá sonraí an imeachta san áireamh thíos sa mhír buaicphointí.

## Rannpháirtíocht le Geallsealbhóirí

Sa bhliain 2025, leathnaigh an CNMI a ról trí rannpháirtíocht ghníomhach le heagraíochtaí agus le gníomhaireachtaí eile san earnáil phoiblí. Bhí Meitheal 2 i gceannas ar an tionscnamh sin, tionscnamh inar díriodh ar chomhoibriú chun táscairí feidhmíochta a fhorbairt agus a bheachtú, ar bhearta a bhí ann cheana a leasú, agus ar thacair sonraí ábhartha a roinnt. I measc na bpríomhréimsí bhí:

- ▶ **An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ)**

Ar an 22 Aibreán 2025, bhuaill an CNMI leis an RLCMLÓ le haghaidh cur i láthair ar *Chomhairle na nÓg, Táscaire Feidhmíochta Óige B1*, agus obair an Aonaid Rannpháirtíochta, Súgartha agus Áineasa. Mhol an RLCMLÓ roinnt PTFanna féideartha le breithniú i dtimthriallta táscairí feidhmíochta amach anseo.

- ▶ **Oifig an Rialálaí Pleanála (ORP)**

Ar an 28 Iúil 2025, bhuaill an CNMI leis an ORP chun plé a dhéanamh ar fhiigiúirí tras-thagartha a chuir údaráis áitiúla isteach maidir le forfheidhmiú pleanála agus leis an bhféidearthacht tacair sonraí a roinnt. Sa chruinniú sin, bunaíodh próiseas rannpháirtíochta níos comhsheasmhaí; ina dhiaidh sin thug Rúnaíocht an CNMI cúnamh agus tacaíocht leanúnach don ORP.

- ▶ **An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC)**

I gcruinnithe ar an 23 Bealtaine agus an 3 Deireadh Fómhair 2025, díriodh ar **Táscaire Dramhaíola E2** a ailíniú chun tuairisciú gearán comhshaoil a shruthlíniú. Bhí sé mar aidhm ag an togra a chinntiú go bhfuil na sonraí a thuairiscíonn údaráis áitiúla comhsheasmhach ar fud CFMCN (Córas Faisnéise Monatóireachta Comhshaoil Náisiúnta) an GBRÁ agus córas tuairiscithe CNMI an GBRÁ (Tuairisceáin GB). A bhui leis an athrú sin, arna cheadú ag an CNMI don timthriall tuairiscithe 2025, laghdaítear an t-ualach tuairiscithe ar údaráis áitiúla agus feabhsaítear cáilíocht agus comhsheasmhacht na sonraí ag an am céanna.

# Meitheal 3: An Mheitheal um Chumarsáid agus Seirbhíse do Chustaiméirí

## Comhaltaí na Meithle



Miriam  
McDonald  
(Cathaoirleach)



Margaret  
Lane



Declan  
Breathnach



Kathleen  
Holohan



John Byrne

## Ról

Tá an Mheitheal um Chumarsáid agus Seirbhís do Chustaiméirí (M3) freagrach as feidhmeanna an CNMI a chomhlíonadh faoi **Alt 126C(1)(a)** den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014, lena gceanglaítear grinnscrúdú a dhéanamh ar fheidhmíocht údarás áitiúil i gcoinne táscairí ábhartha a bhaineann le **seirbhís do chustaiméirí**, agus faoi **Alt 126C(1)(c)** chun tacú le **forbairt agus feabhsú an dea-chleachtais**.

Is príomhfhócas don Mheitheal é feabhas a chur ar an dea-chleachtas agus ar sheirbhís do chustaiméirí trí rannpháirtíocht le hionadaithe údarais áitiúil agus le gach geallsealbhóir tábhachtach. I measc na bpríomhthionscnamh bhí:

- ▶ An Seimineár bliantúil um **Dhea-Chleachtas sa Rialtas Áitiúil**.
- ▶ Comhoibriú leis an GBRÁ ar an **Suirbhé Náisiúnta do Chustaiméirí Rialtais Áitiúil 2025**.
- ▶ An **Cheardlann um Sheirbhís do Chustaiméirí** inar díriodh go háirithe ar sheirbhís do chustaiméirí agus cumarsáid.

## Cruinnithe

Tháinig Meitheal 3 le chéile ocht n-uaire in 2025.

### DÁTAÍ:

22 Eanáir 2025

27 Feabhra 2025

9 Aibreán 2025

21 Bealtaine 2025

19 Meitheamh 2025

3 Meán Fómhair 2025

15 Meán Fómhair 2025

13 Samhain 2025

Comhaltaí Mheitheal 3	Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu
Miriam McDonald (Cathaoirleach)	8
Margaret Lane	7
Declan Breathnach	7
Kathleen Holohan	5
John Byrne	5

## Príomhghníomhaíochtaí in 2025

### Seimineár ar Dhea-Chleachtas i Rialtas Áitiúil

Reáchtáil an CNMI a sheachtú Seimineár ar Dhea-Chleachtas sa Rialtas Áitiúil i gCaisleán Chill Chainnigh ar an 13 Feabhra 2025. Is buaicphointe lárnach é an Seimineár sin i bhféilire an CNMI, rud a thugann deis d'údarás áitiúla agus do gheallsealbhóirí eile dea-chleachtas a fhiosrú trí chur i láthair agus plé a dhéanamh ar raon tionscadal ó gach cearn den tír. Trí thuiscint a fháil ar obair údarás áitiúil eile ar an mbealach sin, tá an cumas ann chun macasamhlú agus feabhsú leanúnach a dhéanamh.

Sa bhliain 2025, d'fhreastail príomhfheidhmeannaigh agus pearsanra údarás áitiúil, ionadaithe ó Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann (ARÁÉ), ó Chumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil (CCÚA) agus ón nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ), ionadaithe ó Thionóil Réigiúnacha, comhaltaí Bhord an CNMI agus oifigigh ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht ar an Seimineár.

Cuireadh sé thionscadal i láthair i rith an lae:

- ▶ **Comhairle Contae an Chláir:** Úsáid na teicneolaíochta chun bainistiú éifeachtach crann agus coigilteas costais a sholáthar agus chun sábháilteacht an phobail a chinntiú.
- ▶ **Comhairle Contae Chorcaí:** Athbheochan rannpháirtíochta sna healaíona do Chruinniú na nÓg, rud a chuireann ar chumas úsáideoirí deiridh páirt níos dlúithe a ghlacadh i gclársceidealú imeachtaí.
- ▶ **Comhairle Contae Dhún na nGall:** Cleachtais agus próisis ghnó nua a chur i bhfeidhm chun próisis láimhe a athsholáthar, éifeachtúlachtaí a fheabhsú agus costais a laghdú faoin Oifig Fiontair Áitiúil (OFA).
- ▶ **Comhairle Contae Chill Dara:** Forbairt Aipe chun a chinntiú go n-íoctar rátaí tráchtála go cruinn agus go tráthúil.
- ▶ **Comhairle Contae na Mí:** Toghcháin áitiúla a chraoladh beo chun faisnéis

fíor-ama a thabhairt do shaoránaigh, chun a thaispeáint conas a oibríonn toghcháin agus chun gníomhú mar phríomhfhoinsé faisnéise dóibh.

- ▶ **Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath:** Tithíocht shóisialta a chruthú trí fhoirgnimh oifige fholmha a thiontú ina n-árasáin, ag baint úsáid as próiseas/cur chuige 'Athúsáid Oiriúnaitheach'.

Féach ar na naisc thíos chun féachaint ar Sheimineár an Dea-Chleachtais sa Rialtas Áitiúil de chuid an CNMI:

Clliceáil chun féachaint ar Cuid 1 de Sheimineár an Dea-Chleachtais



Clliceáil chun féachaint ar Cuid 2 de Sheimineár an Dea-Chleachtais



### Suirbhé Sástachta Custaiméirí GBRÁ

Is gné thábhachtach de raon feidhme Mheitheal 3 tuiscint a fháil ar aiseolas custaiméirí agus ar a dtuairimí ar fheidhmíocht earnáil na n-údarás áitiúil. Gach bliain, comhoibríonn an CNMI leis an GBRÁ chun suirbhé a dhéanamh ina scrúdaítear feasacht agus sástacht le seirbhísí. Gach bliain, áirítear fócas ar leith ar théama comhaontaithe sa suirbhé freisin.

Bhí sé mar aidhm ag téama speisialta shuirbhé 2025 iniúchadh a dhéanamh ar bhrandáil sheirbhísí údarás áitiúil agus a mhéid a d'aithin an pobal na seirbhísí a chuir a n-údarás áitiúil ar fáil. Gné thábhachtach de gach suirbhé ná gur cheart dó gníomhartha a spreagadh agus, arís in 2025, sainaitníodh gníomhartha sonracha chun aghaidh a thabhairt ar na teachtaireachtaí measctha a léiríodh maidir leis an gcaoi a cuireadh roinnt seirbhísí in iúl.

Leanfaidh an CNMI de bheith ag comhoibriú leis an GBRÁ do shuirbhé 2026.



Ó chlé go deas: Declan Breathnach agus Anne Haugh (CNMI, M3), Michael McCarthy (CNMI, Cathaoirleach), Miriam McDonald (CNMI, M3 Cathaoirleach) agus John Byrne (CNMI, M3) ag Seimineár an Dea-Chleachtais sa Rialtas Áitiúil, a reáchtáladh i gCaisleán Chill Chainnigh i mí Feabhra 2025.

## Ceardlann ar Sheirbhís do Chustaiméirí

### Ceardlann an CNMI: Feabhsú Taiithí Custaiméirí sa Rialtas Áitiúil

Ag leanúint lena bhéim ar sheirbhís do chustaiméirí, d'óstáil an CNMI ceardlann speisialta ar an ábhar sin freisin i gCaisleán Chill Chainnigh ar an 22 Deireadh Fómhair. Mealladh raon leathan rannpháirtithe ó gach cearn d'earnáil an rialtais áitiúil don ócáid sin, lena n-áirítear ceannairí seirbhíse do chustaiméirí agus cumarsáide ó údaráis áitiúla, ionadaithe ó Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann (ARÁÉ), ó Chumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil (CCÚÁ) agus ón nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ), comhaltaí Bhord an CNMI agus oifigigh ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Sna cuir i láthair clúdaíodh téamaí éagsúla a bhí dírithe ar a léiriú conas is féidir le tionscnaimh seirbhíse do chustaiméirí feabhas a chur ar thaithí fhoriomlán an chustaiméara. I measc na samplaí bhí:

- ▶ **Comhairle Contae Mhuineacháin:** Forbairt *leabhráin* Athléimneachta Pearsanta agus Pobail chun a chinntiú go bhfaigheann gach teaghlach, beag beann ar aois, cúlra nó rochtain ar theicneolaíocht, faisnéis riachtanach ullmhachta éigeandála.
- ▶ **Comhairle Cathrach na Gaillimhe:** Seoladh phodchraoladh *Chathair na Gaillimhe – Do Chomhairle*, cur i láthair ball foirne agus aird á tabhairt ar na seirbhísí a sholáthraíonn siad go laethúil.

- ▶ **Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh:** Bunú *Fóraitim Imircigh* chun pobail imirceacha a chumhachtú, líonrú a chur chun cinn, agus buntáistí na héagsúlachta a thaispeáint.
- ▶ **Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath:** Cruthú *Shaotharlann na hIntleachta Saorga Giniúnaí*, an chéad cheann riamh in Éirinn, chun úsáid eiticiúil agus fhreagrach na hintleachta saorga a iniúchadh chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí poiblí.
- ▶ **Comhairle Contae na Gaillimhe:** Tabhairt isteach tairisí tithíochta, an chéad cheann dá leithéid in Éirinn, a sholáthraíonn faisnéis mhionsonraithe ar sholáthar agus ar éileamh tithíochta laistigh de cheantar an údaráis áitiúil.

Chuir an GBRÁ torthaí an tsuirbhé bhliantúil custaiméirí i láthair freisin, mar aon le cur síos faisnéiseach ar a mbeadh i gceist leis na torthaí do thionscnaimh chumarsáide.

Bhí an t-aiseolas ó rannpháirtithe an-dearfach agus chuir an cheardlann plé dírithe ar fáil le daoine aonair ó gach cearn den earnáil atá ag obair i réimsí na cumarsáide agus na seirbhíse do chustaiméirí. I ndiaidh na ceardlainne, roinneadh tionscadail níos leithne ar fud earnáil na n-údarás áitiúil chun tacú le tuilleadh plé agus cur i bhfeidhm.

### Ceardlann Seirbhíse do Chustaiméirí an CNMI, Caisleán Chill Chainnigh, 22 Deireadh Fómhair 2025



Ó chlé go deas: Arlene Finn, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Siobhan McKenna agus Dermot Brannigan, Comhairle Contae Mhuineacháin, Jamie Cudden, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Claire Gavin, Ceann Rúnaiocht an CNMI, Michael McCarthy, Cathaoirleach an CNMI, Morgan Matthews, Comhairle Contae na Gaillimhe, Anne Haugh, comhalta den CNMI, Ger Scully, Comhairle Contae na Gaillimhe, Margaret Lane, comhalta den CNMI, Anne Rizzo, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Bernie O'Donoghue Hynes, an GBRÁ.

# Meitheal 4: An Mheitheal um Bainistíocht Airgeadais agus Feidhmíochta

## Comhaltaí na Meithle



Margaret Lane  
(Cathaoirleach)



Fiona Quinn



Kathleen  
Holohan



John Byrne

## Ról

Tá obair na meithle seo ailínithe le feidhmeanna reachtúla an CNMI faoi Alt 126C(1)(b), (e), agus (f) den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014, eadhon:

- ▶ **(b)** Grinnscrúdú a dhéanamh ar fheidhmíocht airgeadais aon chomhlachta rialtais áitiúil, lena n-áirítear i ndáil le luach ar airgead, i leith na n-acmhainní airgeadais atá ar fáil dó;
- ▶ **(e)** Formhaoirsiú a dhéanamh ar an tslí a ndéanann comhlachtaí rialtais áitiúil an beartas náisiúnta i ndáil le rialtas áitiúil a chur i ngníomh;
- ▶ **(f)** Faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar chur i ngníomh athchóiriú na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear barainneachtaí feabhsaithe, ag comhlachtaí rialtais áitiúil cibé acu i gcoitinne nó i leith aon chomhlacht rialtais áitiúil nó aon aicme comhlachtaí den sórt sin.

Ina theannta sin, tá an mheitheal freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar thiomsú agus ar ullmhú *Thuarascáil Bhliantúil Dearbhaithe Cáilíochta an Rialtais Áitiúil* faoin gCód Caiteachais Phoiblí.

## Cruinnithe

Tháinig Meitheal 4 le chéile sé huairé le linn 2025.

### DÁTAÍ:

28 Eanáir 2025

25 Márta 2025

17 Meitheamh 2025

2 Meán Fómhair 2025

7 Deireadh Fómhair 2025

27 Deireadh Fómhair 2025

Comhaltaí Mheitheal 4	Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu
Margaret Lane (Cathaoirleach)	6
Fiona Quinn	4
Kathleen Holohan	5
John Byrne	4



Clliceáil anseo chun féachaint ar an tuarascáil

## Príomhghníomhaíochtaí in 2025

### Cód Caiteachais Phoiblí

Tá feidhm ag an gCód Caiteachais Phoiblí, arna fhorbairt ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digiúcháin (RCPBASPD), maidir le gach comhlacht poiblí a fhaigheann cistí poiblí. Ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí in Éirinn a chinntiú go mbainistítear airgead poiblí go freagrach agus go soláthraítear an luach is fearr is féidir ar airgead.

Mar chuid den phróiseas sin, tiomsaíonn an CNMI Tuarascálacha Dearbhaithe Cáilíochta ó gach ceann de na 31 údarás áitiúil agus ullmhaíonn sé an **Tuarascáil Dearbhaithe Cáilíochta Rialtais Áitiúil** faoin gCód Caiteachais Phoiblí.

De bhreis ar cheanglais na tuarascála agus chun trédhearcacht a fheabhsú, chuir M4 faisnéis achomair mhionsonraithe san áireamh maidir le soláthair ag údarás áitiúla a sháraíonn **€10 milliún**.

### Próiseas agus Amchlár Tuairiscithe

- ▶ D'iarr an CNMI ar gach ceann de na 31 údarás áitiúil Tuarascálacha Dearbhaithe Cáilíochta 2024 a sholáthar faoin **30 Bealtaine 2025**.
- ▶ Cuireadh **28 tuarascáil** isteach faoin spriocdháta; fuarthas an tuarascáil deiridh ar an **16 Meitheamh 2025**.

- ▶ Foilsíodh na tuarascálacha uile ar shuíomhanna gréasáin na n-údarás áitiúil faoin **11 Iúil 2025**.
- ▶ D'fhoilsigh an CNMI an **11ú tuarascáil ilchodach CCP** don earnáil rialtais áitiúil ar an **19 Meán Fómhair 2025** agus roinneadh na torthaí le geallsealbhóirí tábhachtacha ar fud na hearnála.

### Toradh

- ▶ Dheimhnigh Príomhfheidhmeannaigh na 31 údarás áitiúil go léir a dtuarascálacha DC.
- ▶ Áiríodh luach breise i dtuarascáil ilchodach an CNMI trí achoimre a dhéanamh ar sholáthair os cionn €10m.
- ▶ Roinneadh na torthaí le geallsealbhóirí ábhartha.

### Tuarascáil 2023 ar Iniúcháireacht Inmheánach in Údarás Áitiúla – Nuashonrú

I mí an Mhárta 2024, sheol an CNMI Tuarascáil 2023 ar Iniúcháireacht Inmheánach in Údarás Áitiúla. Sholáthair an CNMI **15 príomhthoradh** agus **17 moladh** sa tuarascáil, nach mór do gach údarás áitiúil a ghlacadh, i gcás inarb infheidhme.

Sa bhliain 2024, ghlac CBCC leis na moltaí go léir agus dheimhnigh sé go gcuirfí i bhfeidhm iad.

Tugadh cuireadh don CNMI freastal ar dhá chruinniú Choiste Iniúcháireachta údarás áitiúil sa bhliain 2025, **Contae Chorcaí** i mí Eanáir agus **Cill Mhantáin** i mí na Bealtaine. Pléadh moltaí na Tuarascála Iniúcháireachta Inmheánaí ag na cruinnithe sin, agus ag cruinnithe Grinnscrúdaithe i rith na bliana.

I mí an Mheithimh 2025, d'iarr an CNMI cruinniú le **Coiste Pleanála Corparáidí agus Éigeandála (PCE) CBCC** chun nuashonrú a fháil ar chur i bhfeidhm na moltaí. Thionóil Coiste PCE CBCC a bhfoghrúpa arís chun aghaidh a thabhairt ar an ábhar sin agus d'aontaigh siad sonraí a bhailiú ón earnáil chun dul chun cinn chur i bhfeidhm na moltaí a mheas agus bualadh le M4 chun na torthaí a plé. Tar éis roinnt moille, tá an cruinniú sin le bheith ar siúl i mí Feabhra 2026.

## Ceardlann an Choiste Iniúchóireachta

Ar an 5 Samhain 2025, d'óstáil Meitheal 4 a ceathrú ceardlann le **Cathaoirligh Choistí Iniúchóireachta na nÚdarás Áitiúil** i bPort Laoise, Co. Laoise. Tá sonraí an imeachta san áireamh thíos sa mhír buaicphointí.

Ina theannta sin, bhuail Cathaoirleach M4 agus comhalta den Rúnaíocht le Coiste Iniúchóireachta **Chomhairle Contae Chorcaí** ar an 30 Eanáir 2025 agus le Coiste Iniúchóireachta **Chomhairle Contae Chill Mhantáin** ar an 19 Bealtaine 2025. Fáiltíonn an CNMI roimh an rannpháirtíocht sin agus spreagann sé í, rud a chinntíonn sochair fhrithpháirteacha don CNMI agus d'údarás áitiúla maidir le maoirseacht a neartú agus dea-chleachtas a chur chun cinn.

## Rannpháirtíocht le hionadaithe MyPay

Tá seirbhísí párolla agus pinsin á soláthar ag MyPay do na húdarás áitiúla trí chóras comhroinnte TFC agus ionad seirbhísí comhroinnte aonair ó 2014 i leith.

D'fhreastail ionadaithe ó MyPay ar chruinniú Mheitheal 4 ar an **28 Eanáir 2025**, áit ar lorg agus a bhfuair an mheitheal nuashonruithe ar chur i bhfeidhm sheirbhísí comhroinnte MyPay i rith na bliana.

Faoi dheireadh 2025:

- ▶ Bhí **28 údarás áitiúil agus gníomhaireacht** cláraithe i **Scéim Pinsin Chomhroinnte MyPay**.
- ▶ I measc na n-áiteanna a cuireadh i bhfeidhm le déanaí tá **Liatroim, Maigh Eo, Cathair Chorcaí, an Cabhán, Ciarraí agus Loch Garman**.
- ▶ Táthar ag súil go mbeidh Fine Gall agus Tiobraid Árann páirteach faoi thús **R2 2026**.

chun na húdarás áitiúla atá fágtha (gan Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath san áireamh) a chur ar bord go luath in 2026, roimh Riarachán Lárnach na Scéime Pinsean Aonair níos déanaí sa bhliain sin. Táthar ag leanúint ar aghaidh leis an scóip a mheas agus leis an bpleanáil d'aistriú Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath go PeopleXD, agus tá an t-aistriú chuig Seirbhísí Comhroinnte MyPay sceidealaithe a luaithe a bheidh na tionscadail chumasúcháin críochnaithe.

## Rannpháirtíocht le SIRÁ

Bhuail an Mheitheal leis an bPríomh-Iniúcháir ón tSeirbhís Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil (SIRÁ) ar an 25 Márta 2025, áit ar tugadh nuashonrú ar na **trí staidéar Luach ar Airgead** a bhí ar siúl ag an am:

- ▶ Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCTanna) agus maoirseacht ar údarás áitiúla,
- ▶ Athbhreithnithe cíosa, agus
- ▶ An tarscaoileadh ranníocaíochta forbartha.

Tugadh nuashonruithe i scríbhinn ar gach ceann de na staidéir sin don Mheitheal ina dhiaidh sin ag gach cruinniú de chuid M4. Ina theannta sin, thug an SIRÁ cur i láthair ar **Athbhreithnithe Cíosa** agus ar an **Athbhreithniú ar an Tarscaoileadh Ranníocaíochta Forbartha Sealadach** ag **Ceardlann Chathaoirligh an Choiste Iniúchóireachta** a tionóladh i mí na Samhna 2025.

## An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Leis an Acht um Nochtadh Cosanta 2014, a tugadh cothrom le dáta go dtí an 26 Bealtaine 2025, tugtar cosaintí reachtúla d'oibríthe a chuireann ábhair imní in iúl maidir le héagóir san ionad oibre. Ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí staitisticí a bhailiú agus a fhoilsiú maidir le líon na nochtaí cosanta a fhaightear gach bliain. Chuige sin, ní bhfuair an CNMI aon nochtadh den sórt sin le haghaidh na bliana 2025.


# Buaicphointí 2025

## Tuarascálacha agus Imeachtaí

Gheobhaidh tú na tuarascálacha go léir anseo: [www.noac.ie/ga](http://www.noac.ie/ga).

### Tuarascálacha CNMI arna bhfoilsíú le linn 2022

Ainm	Uimhir na tuarascála	Dáta foilsithe
Tuarascáil Ghrinnscrúdaithe Chomhairle Uíbh Fhailí	72	Iúil 2025
Tuarascáil Ghrinnscrúdaithe Chathair Chorcaí	73	Iúil 2025
Tuarascáil Ghrinnscrúdaithe Chomhairle Contae Chiarraí	74	Iúil 2025
Tuarascáil ar an gCód Caiteachais Phoiblí	75	Meán Fómhair 2025
Athbhreithniú ar Thuarascálacha Monatóireachta ar Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha déanta ag Tionóil Réigiúnacha	76	Meán Fómhair 2025
Tuarascáil Táscairí Feidhmíochta an CNMI 2024	77	Meán Fómhair 2025
Tuarascáil Ghrinnscrúdaithe Chomhairle Contae na hIarmhí	78	Samhain 2025
Athbhreithniú ar Chur Chun Feidhme Pleananna Corparáideacha 2025–2029	79	Deireadh Fómhair 2025
Tuarascáil Ghrinnscrúdaithe Chomhairle Contae Lú	80	Nollaig 2025



**Tuarascálacha Foilsithe**

# 9



**Táscairí Feidhmíochta Athbhreithnithe:**


trasna **11** réimse feidhme

# 46

# 4



**Seimineáir/ Ceardlanna Náisiúnta**



**Os cionn**

# 65

**cruinnithe**



# 11

**comhaltáí an bhoird**

**Rannpháirtíocht le**

# 31

údaráis áitiúla agus trí thionól réigiúnacha

## Ceardlann Táscairí Feidhmíochta Údarás Áitiúil


Gach bliain, óstálann an CNMI ceardlann chun a chinntiú go bhfuil foireann na n-údarás áitiúil lán-eolach ar aon táscairí nua nó ar athruithe ar tháscairí atá ann cheana féin. Chuir M2 na treoirlínte don tuarascáil le chéile go luath in 2025, bunaithe ar athruithe ar mhodheolaíocht do tháscairí atá ann cheana féin agus forbairt Táscaire nua bóithre. Reáchtáil an CNMI a cheardlann is déanaí le Comhordaitheoirí Sonraí na n-údarás áitiúil ar an 25 Feabhra 2025, áit ar cuireadh Treoirlínte Táscairí Feidhmíochta 2024 i láthair agus ar leagadh amach mínithe ar mhodheolaíocht agus ar nuashonruithe ar na táscairí.



Ó chlé go deas: Claire Gavin, Ceann na Rúnaíochta, John Byrne agus Anne Haugh, an CNMI, Eoin Doyle, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae an Chabháin agus Ciarán Hayes, an CNMI ag cruinniú Bailíochtaíthe an CNMI don tuarascáil TF ar an 29 Bealtaine 2025.

## Tuarascáil 2024 ar Tháscairí Feidhmíochta na n-Údarás Áitiúil: Tuarascáil Uimh. 77

Maidir le tuarascáil 2024, scrúdaigh an CNMI 46 táscaire ar leith a chlúdaigh 11 cheannteideal. Roghnaítear táscairí feidhmíochta agus cuirtear i gcatagóirí iad chun príomhfheidhmeanna rialtais áitiúil a léiriú, lena n-áirítear:




Mar chuid den phróiseas, thug an CNMI cuairt ar 6 údarás áitiúla i mí na Bealtaine agus i mí an Mheithimh 2025 chun na tuairisceáin TF a fhíorú agus a bhailíochtú. Bhuail na comhaltaí leis na Príomhfheidhmeannaigh agus leis na foirne ardbhainistíochta chun athbhreithniú a dhéanamh ar na sonraí a soláthraíodh sa tuarascáil agus chun saincheisteanna feidhmíochta foriomlána chomh maith lena dtaithí ar an bpróiseas táscairí agus ar thorthaí an phróisis a phlé. Ba dheis iad na cuairteanna freisin labhairt leis na Príomhfheidhmeannaigh faoi na príomhdhúshláin atá roimh earnáil an rialtais áitiúil faoi láthair, tuiscint a fháil ar chomhthéacs oibriúcháin a n-údarás áitiúil, agus a dtosaíochtaí gearrthéarmacha agus meántéarmacha a phlé.

Ba iad na húdaráis áitiúla a roghnaíodh le haghaidh athbhreithnithe ná Comhairlí Loch Garman, Chathair Bhaile Átha Cliath, Liatroma, na Mí, Contae na Gaillimhe agus Contae an Chabháin.

Roghnaíodh seacht gcinn de na 46 TF le haghaidh fíorú mionsonraithe, lena n-áirítear an táscaire nua Bóithre R4 maidir le Ceadúnú agus Cigireachtaí Oscailte Bóithre, agus roghnaíodh Tithíocht H7 arís chun tacú le maoirseacht leanúnach ar chur i bhfeidhm Chlár Iarfheistithe na Tithíochta Sóisialta;

Táscaire	Teideal
Tithíocht H3	Meán-am Athligin agus Costais Dhíreacha
Tithíocht H7	Iarfheistiú Tithíochta Sóisialta
Bóithre R4	Ceadúnú agus Cigireachtaí Oscailte Bóithre
Dramhail/ Comhshaol E2	Céatadán na ngearán maidir le truailliú comhshaoil a dúnadh
Pleanáil P1	Foirgnimh Nua a ndearnadh Cigireacht orthu
Seirbhísí Dóiteáin F2	Slógadh Seirbhísí
Corparáideach C1	Líon iomlán na gCoibhéisí Lánaimseartha (CLanna)

Athraítear na táscairí gach bliain agus is iad na cinn a roghnaíodh le haghaidh 2024 ná:



Rinneadh na húdaráis áitiúla thíos a bhailíochtú idir an 22 Bealtaine agus an 30 Meitheamh 2025.



# Príomhphointí ó Thuarascáil 2024:

## Roinn 1 Tithíocht



- ▲ **Folúntais Tithíochta** ag deireadh 2024 bhí **4,251** folúntas ann i gcomparáid le 4,196 in 2023. Ba é **2.75%** an céatadán foriomlán de stoc údaráis áitiúil, a cuireadh ar fáil go díreach, a bhí folamh ag deireadh 2024, feabhas i gcomparáid le 2.81% ag deireadh 2023.
- ▲ **Stoc Tithíochta Sóisialta** ag deireadh mhí na Nollag 2024, bhí **155,060** aonad tithíochta sóisialta faoi úinéireacht na n-údarás áitiúil agus chuir na húdaráis áitiúla **5,324** aonad leis an stoc tithíochta sóisialta in 2024.
- ▲ Ba é **35.56 seachtain** an **Meán-Am Athligin** in 2024 i gcomparáid le 33.72 seachtain in 2023.
- ▲ **Costas Cothabhála Tithíochta** Ba é **€282,286,360.98** an caiteachas iomlán ar chothabháil tithíochta in 2024.
- ▲ Tháinig méadú ar líon na **n-áitreabh cíosa a ndearnadh cigireacht orthu go 62,085** in 2024, ó 50,436 in 2023.

## Roinn 2 Bóithre



- ▲ Déanann údaráis áitiúla bainistíocht agus cothabháil ar **96,893km** de bhóithre réigiúnacha agus áitiúla.
- ▲ Neartaíodh **390.0km** de Bhóithre réigiúnacha agus **2,332.1km** de Bhóithre áitiúla in 2024.
- ▲ Athshéalaíodh **431.1km** de Bhóithre réigiúnacha agus **2,699.6km** de Bhóithre áitiúla in 2024.
- ▲ Tá rátáil PSCI foriomlán de **9 go 10** ag **29%** de **phríomhbhóithre áitiúla** (bóithre gan aon lochtanna nó bóithre le lochtanna beaga dromchla), agus tá méadú seasta tagtha ar an bhfigiúr sin ó 10% in 2014.
- ▲ Rinneadh **81.94%** d'idirbhearta cánach mótaí ar líne.

## Roinn 3 Uisce



- ▲ B'ionann líon na scéimeanna cláraithe in 2024 agus **2,181** agus rinneadh monatóireacht ar **2,125** díobh. Ba é **97.43%** an meánchéatadán náisiúnta de scéimeanna cláraithe a ndearnadh monatóireacht orthu.

## Roinn 4 Dramhaíl agus an Comhshaol



- ▲ Bhain **70.16%** de theaghlaigh leas as seirbhís trí bhosca bruscair.
- ▲ Rinneadh **76,190** gearán faoi thruailliú chuig údaráis áitiúla in 2024, méadú 5,606 ar **70,584** in 2023.
- ▲ As **3,958** scoil ar fud gach ceantar údaráis áitiúil, bhain **45** acu a stádas brait ghlais amach in 2024 den chéad uair, rinne **722** acu athnuachan ar a stádas brait ghlais, agus ní raibh gá le **751** acu a stádas brait ghlais a athnuachan toisc go raibh a stádas fós i bhfeidhm.
- ▲ Tá Comhordaitheoirí Gníomhaíochta Aeráide agus **30** Oifigeach Gníomhaíochta Aeráide ag **31 údarás áitiúil**, feabhas ar 2023. Sa bhliain 2024, tá Foirne Gníomhaíochta Aeráide i bhfeidhm ag **31** údarás áitiúil.

## Roinn 5 Pleanáil



- ▲ Cuireadh **49,791** foirgneamh nua in iúl d'údaráis áitiúla in 2024, méadú suntasach de bhreis is **113%** ar fhigiúr 2023 de 23,283. Rinneadh cigireacht ar **8,344** díobh, arb ionann é agus **16.76%** den iomlán.
- ▲ Ba é **2,258** líon na gcinntí pleanála údaráis áitiúil a bhí ina n-ábhar achomhairc chuig an mBord Pleanála, a chinn an Bord ar aon dáta sa bhliain 2024. Deimhníodh **74.36%** nó **1,679** cinneadh le hathrú ar an bplean nó gan athrú ar an bplean.

## Roinn 6 Seirbhís Dóiteáin



- ▲ Ba é **€74.85** an meánchostas náisiúnta in aghaidh an duine a bhain leis an tseirbhís dóiteáin a sholáthar in 2024.

- ▲ I gcás 2024, chuir **ceithre** cinn de na sé bhriogáid dóiteáin lánaimseartha feabhas ar a meán-amanna soghluaisteachta le haghaidh éigeandálaí dóiteáin agus chuir **cúig** cinn feabhas ar a meán-amanna soghluaisteachta le haghaidh éigeandálaí eile nach raibh baint acu le tine i gcomparáid le 2023.

- ▲ In 2024, chuir **19** n-údarás áitiúil a raibh seirbhísí coinnithe acu, feabhas ar a meán-amanna soghluaisteachta le haghaidh éigeandálaí dóiteáin i gcomparáid le **dhá** cheann in 2023. Chuir **18** n-údarás áitiúil feabhas ar a meán-amanna soghluaisteachta le haghaidh éigeandálaí eile nach raibh baint acu le tine i gcomparáid le seacht gcinn in 2023, méadú **157%**.

## Roinn 7 Leabharlann/ Caitheamh Aimsire



- ▲ B'ionann líon iomlán na gcuairteanna leabharlainne in 2024 agus **15,460,242**.

- ▲ Ba é **3%** meánlíon na gcuairteanna leabharlainne do gach duine den daonra in 2024, suas ó 2.70% in 2023.

- ▲ Tháinig méadú go **17,453,626** ar líon na míreanna a eisíodh do bhaill leabharlainne in 2024, méadú 7.61% ar fhiigiúr 2023 de 16,219,445.

- ▲ In 2024, b'ionann baill ghníomhacha leabharlainne agus **0.19%** den daonra, i gcomhréir leis an ngealltanas i straitéis na leabharlainne don tréimhse 2023–2027.

- ▲ Ba é **795,819** líon na mball leabharlainne cláraithe in 2024, méadú 10,252 ar fhiigiúr 2023.

- ▲ Ba é **€40.72** an meánchostas in aghaidh an duine a bhain le seirbhís na leabharlainne a sholáthar in 2024.

- ▲ Tháinig méadú ar chaiteachas in aghaidh an duine ar stoc nua go meán **€2.17** in 2024, ó €2.00 in 2023.



## Roinn 8 An Óige agus an Pobal

- ▲ Bhain **cúig** údarás áitiúla rannpháirtíocht 100% amach i scéim chomhairle óige áitiúil Chomhairle na nÓg, léirigh **14** údarás áitiúla feabhas ar a bhfigiúirí in 2024 agus tá na figiúirí do **chúig** údarás áitiúla mar an gcéanna le figiúirí 2023.
- ▲ Bhí ionadaíocht ag **476** scoil ag CCB Chomhairle na nÓg 2024 i gcomparáid le 501 in 2023, laghdú 5%.
- ▲ Bhí **20,631** eagraíocht ar chlár an chontae don Líonra Rannpháirtíochta Pobail (LRP) ag deireadh 2024.
- ▲ Chláraigh **2,176** eagraíocht den chéad uair in 2024.

## Roinn 9 Corparáideach




- ▲ B'ionann líon iomlán na foirne coibhéise lánaimseartha a bhí fostaithe ag earnáil na n-údarás áitiúil ag deireadh 2024 agus **32,273.76**, méadú **568.82** ar fhigiúr 31,704.94 na bliana 2023
- ▲ Cailleadh **271,785.61** lá de bharr saoire bhreiteachta dheimhnithe in 2024.
- ▲ Ba é **65.13 milliún** líon iomlán na n-amharc ar leathanaigh suíomhanna gréasáin údarás áitiúil in 2024, laghdú de bhreis is 3.66 milliún amharc ar fhigiúr 2023 de 68.79 milliún
- ▲ Tá **1,307** suíomh gréasáin ar leith á n-oibriú ag na **31** údarás áitiúil.
- ▲ Mhéadaigh líon iomlán úsáideoirí na meán sóisialta go **5.97 milliún** in 2024, ó 5.4 milliún in 2023.
- ▲ Ba é **€4,270.61** meánchostas náisiúnta sholáthar TFC, méadú **€321.98** ar fhigiúr 2023 de €3,948.63.

## Roinn 10 Airgeadais



- ▲ Bhí easnamh ag **cúig** údarás áitiúla ar a gCuntas Ioncaim ag deireadh 2024, ceann amháin níos lú ná ag deireadh 2023.
- ▲ Tháinig méadú ar na rátaí tráchtála a bailíodh in 2024 ag **24** údarás. D'fhan **seacht** mar a bhí agus níor léirigh ach údarás áitiúil amháin laghdú ar bhailiúcháin.
- ▲ Tháinig méadú ar an gcíos a bailíodh in 2024 ag **17** n-údarás. D'fhan **ceithre** cinn mar a bhí agus léirigh **10** n-údarás laghdú ar bhailiúcháin.
- ▲ Tháinig méadú ar na hiasachtaí tí a bailíodh in 2024 ag **19** n-údarás. D'fhan **ceithre** cinn mar a bhí agus léirigh **ocht** n-údarás laghdú ar bhailiúcháin.
- ▲ Ba é **€13.74** an meánchostas in aghaidh an duine d'éilimh dliteanais phoiblí in 2024, méadú ó €12.21 in 2023.

## Roinn 11 Forbairt Eacnamaíochta



- ▲ Cruthaíodh **2,459** post san iomlán go náisiúnta in 2024 le cúnamh ó na hOifigí Fiontair Áitiúla (OFÁna), ag cur cailteanas post san áireamh. Is méadú **328** post nó **15.4%** é seo ar 2023 nuair a cruthaíodh 2,131 post.
- ▲ Bhain **16,207** rannpháirtí leas as meantóireacht OFÁ in 2024, méadú de 2,010 rannpháirtí ar fhiigiúr na bliana 2023 de 14,197.
- ▲ Chaith údarás áitiúla meán de **€254.01** in aghaidh an duine ar Fhorbairt Eacnamaíochta in 2024, i gcomparáid le €163.41 in 2023.

## Ceardlann Choiste Iniúchóireachta CNMI

Ar an 5 Samhain 2025, d'óstáil Meitheal 4 a ceathrú ceardlann le Cathaoirligh Choistí Iniúchóireachta na nÚdarás Áitiúil i bPort Laoise, Co. Laoise.

Tugadh na daoine seo a leanas le chéile ag an imeacht:

- ▶ Comhaltaí de **Bhord an CNMI**
- ▶ Ionadaithe ó **20 Coiste Iniúchóireachta Údaráis Áitiúil**
- ▶ An **tAonad Luach ar Airgead (LA)** de chuid na **Seirbhíse Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil (RTRÁO)**
- ▶ An **tAonad um Rialachas Rialtais Áitiúil agus Comhaltaí Tofa (RTRÁO)**

Clúdaíodh sna cuir i láthair:

- ▶ **Próiseas Grinnscrúdaithe nua an CNMI**
- ▶ **Tuarascáil Táscaire Feidhmíochta Údaráis Áitiúil 2024 an CNMI**
- ▶ **Athbhreithniú an CNMI ar Phleananna Corparáideacha 2025–2029**
- ▶ Nuashonrú ar an **Tascfhórsa Daonlathais Áitiúil**
- ▶ Tuarascálacha Luach ar Airgead arna dtáirgeadh ag an tSeirbhís Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil

Pléadh ag cainteanna a bhí éascaithe:

- ▶ **Moltaí chun an rannpháirtíocht idir Coistí Iniúchóireachta agus an CNMI a fheabhsú**
- ▶ **Impleachtaí an Tascfhórsa Daonlathais Áitiúil do ról Choistí Iniúchóireachta**

Ina theannta sin, bhuail Cathaoirleach M4 agus comhalta den Rúnaíocht le **Coiste Iniúchóireachta Chomhairle Contae Chorcaí** ar an 30 Eanáir 2025 agus le **Coiste Iniúchóireachta Chomhairle Contae Chill Mhantáin** ar an 19 Bealtaine 2025. Fáiltíonn an CNMI roimh an rannpháirtíocht sin agus spreagann sé í, rud a chinntíonn sochair fhrithpháirteacha don CNMI agus d'údaráis áitiúla maidir le maoirseacht a neartú agus dea-chleachtas a chur chun cinn.

Ag an ócáid aithníodh trí phríomhréimse le haghaidh oibre agus breithnithe amach anseo:

Pléadh an **Tascfhórsa Daonlathais Áitiúil** agus na himpleachtaí féideartha do Choistí Iniúchóireachta. Tháinig ceisteanna chun cinn maidir le héilimh, freagrachtaí agus idirghníomhaíocht mhéadaithe leis an údarás áitiúil. Leagadh amach go bhfuil beirt chathaoirligh ar Choistí Iniúchóireachta faoi láthair atá ina gcomhaltaí den Tascfhórsa, agus spreagadh cathaoirligh chun dul i ngleic leo.

**Pleananna Corparáideacha** agus ról na gCoistí Iniúchóireachta. Cé gur aithníodh gur ról an Údaráis Áitiúil é pleananna a fhorbairt, is gné thábhachtach d'obair an Choiste Iniúchóireachta maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas. Breithneoidh na coistí é sin tuilleadh.

**Comhoibriú agus Cumarsáid:** Cheap na freastalaithe go raibh an ceardlann an-úsáideach agus mhol siad cur léi trí na nithe seo a leanas:

- ▶ Bheadh seimineáir ghréasáin do chomhaltaí an Choiste Iniúchóireachta úsáideach de réir mar a fhoilsíonn an CNMI a thuarascálacha chun plé agus scaipeadh a chinntiú.
- ▶ Nuachtlitir ráithiúil nó nuachtlitir gach sé mhí ón CNMI ag tabhairt aird ar phríomhthéamaí, ar thuarascálacha nó ar nithe eile.
- ▶ Deis do chomhaltaí an Choiste Iniúchóireachta plé a dhéanamh ar an dea-chleachtas – cosúil le Cear dlanna Dea-Chleachtais an CNMI.

## Straitéis an CNMI 2026–2028

Le linn 2025, bhuaill bord CNMI le chéile chun a straitéis nua don tréimhse 2026–2028 a phlé agus a fhorbairt.


Áiríodh leis an bpróiseas sin, a forbraíodh le cúnaimh ó chomhairleoir seachtrach:

- ▶ Athbhreithniú a dhéanamh ar ghnóthachtálacha na Straitéise 2023–2025
- ▶ An comhthéacs don tréimhse 2026–2028 a thabhairt le chéile
- ▶ Misin agus luachanna an CNMI a leagam amach
- ▶ A spriocanna agus a thosaíochtaí straitéiseacha a chomhaontú
- ▶ Liostáil a dhéanamh ar phríomhchumasóirí chun cabhrú leis an CNMI a spriocanna a bhaint amach

Ina theannta sin, tá **clár oibre ilbhliantúil** ullmhaithe ag an CNMI chun gníomhú mar threochlár criticiúil, inchaingne lena n-aistrítear spriocanna straitéiseacha ardleibhéil an CNMI ina dtascanna, ina n-amlínte agus ina leithdháiltí acmhainní sonracha, intomhaiste.

Mar chuid den phróiseas sin, aithníonn bord an CNMI go bhfuil an earnáil rialtais áitiúil ag dul trí thréimhse athraithe, go háirithe le cruthú an Chláir Rialtais nua agus le bunú an Tascfhórsa Daonlathais Áitiúil.

Agus é sin san áireamh, déanfaidh an CNMI, má mheasann sé gur cuí, **athbhreithniú ar a Straitéis agus ar a Chlár Oibre do 2026–2028** má tharlaíonn athruithe atá molta agus glactha ag an Rialtas.



Ó chlé go deas: Uachtarán ARÁÉ, an Cllr Mary Hanna Hourigan, Cathaoirleach an CNMI Michael McCarthy, agus comhalta an CNMI agus Cathaoirleach M3 Miriam McDonald ag Ceardlann Seirbhíse do Chustaiméirí an CNMI i gCaisleán Chill Chainnigh, an 22 Deireadh Fómhair 2025.

## Tascfhórsa um Dhaonlathas Áitiúil

Tugadh cuireadh do Chathaoirleach an CNMI suí ar an Tascfhórsa Daonlathais Áitiúil, a bhunaigh an Rialtas ar an 4 Meitheamh 2025, agus reáchtáladh a chéad chruinniú i dTeach an Chustaim ar an 26 Meitheamh 2025.

Ba ghealltanas i gClár an Rialtais (CanR) é go dtionólfadh an Rialtas Tascfhórsa Daonlathais Áitiúil in éineacht le hearnáil an Rialtais Áitiúil.

Táthar ag súil go dtabharfaidh an Tascfhórsa moltaí chun cinn le haghaidh clár athchóirithe maidir leis an rialtas áitiúil a neartú chun soláthar níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla seirbhísí agus cur i bhfeidhm bheartas an Rialtais do shaoránaigh a chinntiú.

Déantar obair an Tascfhórsa Daonlathais Áitiúil ar fud ceithre phríomhthéama/cholún i leith an Rialtais Áitiúil:

- ▶ **Struchtúir**
- ▶ **Feidhmeanna**
- ▶ **Maoiniú**
- ▶ **Rialachas agus Cuntasacht.**

Suíonn ceann Rúnaíocht an CNMI ar cholún an Rialachais agus na Cuntasachta.

Bhí sé chruinniú ag an Tascfhórsa in 2025 agus cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, James Browne, T.D., agus an Aire Stáit atá freagrach as Rialtas Áitiúil agus Pleanáil, John Cummins, T.D., ar an 4 Márta 2026 lena breithniú.


# Acmhainní agus Caiteachas

Tugann Rúnaíocht tacaíocht do CNMI, le coibhéis lánaimseartha de sheisear. Cuireann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht an fhoireann ar fáil.

Faigheann an CNMI maoiniú ón gCiste Rialtais Áitiúil agus b'ionann a leithdháileadh ón gCiste sin in 2025 agus €350,000.

## Caiteachas

Ba é caiteachas an CNMI le haghaidh 2025 ná €204,180.24, a tabhaidh mar seo a leanas:



Measann na comhaltaí gur léargas fírinneach cóir é an ráiteas caiteachais seo ar chaiteachas an CNMI le linn 2025.

\* Is iad na táillí bliantúla atá iníoctha le comhaltaí an CNMI, gan Oifigeach an Aire san áireamh, ná: Comhalta: €7,695, Cathaoirleach: €11,970.

\*\* Íoctar costais taistil agus chothaithe arna dtabhú ag rátaí caighdeánacha na státseirbhíse. Ba chóir a thabhairt faoi deara nár tabhaidh caiteachas taistil ach amháin le haghaidh taisteal intíre; níor tugadh faoi aon taisteal idirnáisiúnta.

Tabhair faoi deara: Níor tabhaidh aon chostais ar fháilteachas le linn 2025.

# Aguisíní

## Aguisín 1:

### Téarmaí Tagartha CNMI

---

Bunaíodh an CNMI faoin Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, le héifeacht ón 1 Iúil 2014. Tá córas rialachais chorparáidigh glactha ag an CNMI i gcomhréir leis an dea-chleachtas.

Is é cuspóir an doiciméid seo ná téarmaí tagartha CNMI a leagan amach. Tá na téarmaí tagartha seo, arna bhfaomhadh ag CNMI an 4 Iúil 2017, i bhfeidhm ón 1 Iúil 2017.

#### 1. Comhaltas

Is é an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht a cheapfaidh comhaltaí an CNMI de réir Alt 126H den Acht. Seisear comhaltaí ar a laghad a bheidh ar an gCoimisiún.

Níl de cheart ach ag comhaltaí an CNMI freastal ar chruinnithe Boird. Féadfar cuireadh a thabhairt, áfach, d'fhoireann na Rúnaíochta agus do dhaoine aonair eile freastal ar chruinniú iomlán nó ar chuid de chruinniú ar bith, de réir mar is cuí nó nuair is gá.

Is ar feadh tréimhse suas le 5 bliana a bheidh na ceapacháin chuig an CNMI, agus féadfar cur leis an tréimhse sin ar feadh tréimhse amháin eile suas le 5 bliana. Nuair a bheidh an Cathaoirleach as láthair, aontóidh na comhaltaí eile a bheidh i láthair duine dá líon chun cathaoirleacht a dhéanamh ar an gcruinniú.

#### 2. Rúnaíocht CNMI

Cinntoidh rúnaíocht an CNMI go bhfaighidh na comhaltaí faisnéis agus páipéir go tráthúil ionas gur féidir breithniú iomlán agus ceart a dhéanamh ar na saincheisteanna. Tá an Rúnaíocht freagrach freisin as ionduchtú foirmiúil chomhaltaí nua an CNMI agus as meantóireacht a eagrú do chomhaltaí nuair is gá.

#### 3. Córam

Is é ceathrar comhaltaí an córam is gá chun cruinniú boird CNMI a reáchtáil. Beidh cruinniú de CNMI arna chomóradh go cuí ag a mbeidh córam i láthair inniúil ar na húdaráis, na cumhachtaí agus na discrídí go léir nó aon cheann díobh a fheidhmiú is infheidhmithe ag CNMI.

#### 4. Minicíocht na gCruinnithe

Tiocfaidh Bord CNMI le chéile 8 n-uaire sa bhliain ar a laghad, agus de réir mar a éilítear a mhalairt.

#### 5. Fógra Cruinnithe

Déanfaidh an Rúnaíocht cruinnithe CNMI a ghairm arna iarraidh sin ag an gCathaoirleach.

Más féidir in aon chor, cuirfear fógra faoi gach cruinniú ina ndeimhneofar an t-ionad, an t-am agus an dáta, mar aon le clár oibre de na míreanna a bheidh le plé, chuig na comhaltaí tráth nach déanaí ná dhá lá oibre roimh dháta an chruinnithe.

Seolfar páipéir thacaíochta chuig na comhaltaí ag an am céanna.

## 6. Miontuairiscí Cruinnithe

Scríobhfaidh an Rúnaíocht miontuairiscí ar imeachtaí, pléití agus cinntí chruinnithe uile an CNMI, lena n-áirítear ainmneacha na ndaoine atá i láthair a thairseadh. Scaipfead miontuairiscí chruinnithe an CNMI ar na comhaltaí go léir lena bhfaomhadh ag an gcéad chruinniú eile de chuid an CNMI.

## 7. Dualgais

Is í an Rúnaíocht a dhéanfaidh an CNMI a réachtáil ó lá go lá agus tabharfaidh sí tuairisc ar an obair de réir mar is iomchuí trí ríomhphost agus ag cruinnithe an CNMI. Cuirfidh na comhaltaí comhairle agus tacaíocht ar fáil don Rúnaíocht. Deimhneoidh an CNMI dó féin go bhfuil rialuithe airgeadais agus córais bainistíochta riosca láidir agus inchosanta.

Coinneoidh an CNMI é féin cothrom le dáta agus go hiomlán ar an eolas faoi shaincheisteacha straitéiseacha agus athruithe a bhfuil tionchar acu air agus ar an timpeallacht ina bhfeidhmíonn sé. Áiritheoidh an CNMI go bhfaighidh comhaltaí, ar a gceapadh, litir cheapacháin fhoirmiúil ina leagfar amach go soiléir an méid a bhfuiltear ag súil leis ó thaobh an tiomantais ama, na seirbhíse foghrúpa agus na rannpháirtíochta lasmuigh de chruinnithe an CNMI.

Féadfaidh CNMI, ó am go ham, foghrúpaí CNMI den sórt sin is gá a bhunú chun cabhrú lena chuid dualgas a chomhlíonadh. Féadfaidh siad comhaltaí nach comhalta CNMI iad a áireamh má tá gá le saincileanna. Nuair a chuirtear foghrúpa i bhfeidhm:

Sonrófar na téarmaí tagartha i scríbhinn agus ceadófar iad ag an CNMI. Ceapfaidh an CNMI a chomhaltaí, ar ainmniúchán an Chathaoirligh. Gheobhaidh an CNMI tuarascálacha ón bhfoghrúpa ina léireofar gníomhaíocht an ghrúpa. Cuirfead na prótacail go léir a bhaineann le hoibriú an CNMI i bhfeidhm ar fhoghrúpa. Scaipfead nótaí cruinnithe na bhfoghrúpa ar chomhaltaí uile an CNMI.

Déanfaidh CNMI athbhreithniú ar thorthaí a phróisis meastóireachta feidhmíochta a bhaineann le comhdhéanamh CNMI agus le rialachas corparáideach go ginearálta.

Coinneoidh an CNMI faoi athbhreithniú forbairtí rialachais chorparáidigh (lena n-áirítear ábhair a bhaineann le heitic) a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don chomhlacht Stáit, d'fhonn a chinntiú go leanann a bheartais agus a chleachtais rialachais chorparáidigh de bheith ag teacht leis an dea-chleachtas.

Cinntoidh an CNMI go gcloífear leis na prionsabail agus na forálacha a leagtar amach sa Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (agus aon chóid rialachais chorparáidigh eile a bhaineann leis).

## 8. Freagrachtaí Tuairiscithe

Coinneoidh CNMI an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht ar an eolas, lasmuigh de chleachtadh na Tuarascála Bliantúla, faoi nithe suntasacha a thagann chun cinn laistigh den chomhlacht Stáit.

## 9. Eile

Déanfaidh an CNMI athbhreithniú, uair sa bhliain ar a laghad, ar a fheidhmíocht féin, ar a chomhdhéanamh agus ar a théarmaí tagartha féin chun a chinntiú go bhfuil sé ag feidhmiú ar an éifeachtacht uasta agus chun aon athruithe a mheasann sé is gá a chur chun feidhme.

## 10. Údarás

Tá an CNMI údaraithe chun, ar a chostas féin, comhairle dhlíthiúil sheachtrach nó comhairle ghairmiúil eile a fháil i gcás ina measann na comhaltaí go bhfuil sé riachtanach a bhfreagrachtaí mar chomhaltaí an CNMI a chomhlíonadh.



# NOAC

An Coimisiún  
Náisiúnta Maoirseachta  
agus Iniúchóireachta

